2024/796

8.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/796 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Márta 2024

lena leasaítear na caighdeáin cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 650/2014 a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le nochtadh ag údaráis inniúla i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE ([1]) agus 2006/49/CE, agus go háirithe Airteagal 143(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 650/2014 ([2]) ón gCoimisiún sonraítear formáid, struchtúr, liosta ábhar, agus dáta foilsithe bliantúil na faisnéise atá le foilsiú ag na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 143 de Threoir 2013/36/AE. Le hAirteagal 5 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ceanglaítear ar údaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 143(1), pointí (a), (b) agus (c), den Treoir sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus faoin 31 Iúil gach bliain, ach amháin mura bhfuil aon athrú ar an bhfaisnéis a fhoilsítear.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/389 ón gCoimisiún ([3]) sonraítear formáid, struchtúr, liostaí ábhar agus dáta foilseacháin bliantúil na faisnéise atá le nochtadh ag na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 57 de Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Le hAirteagal 5 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ceanglaítear ar údaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 57(1), pointí (a), (b) agus (c), de Treoir (AE) 2019/2034 a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus faoin 30 Meitheamh gach bliain, ach amháin mura bhfuil aon athrú ar an bhfaisnéis a fhoilsítear.

(3) Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a ardaíodh i ndáil le forálacha Threoir 2013/36/AE ar léir nach raibh siad soiléir go leor agus a bhí, dá bhrí sin, faoi réir léirmhínithe éagsúla nó ar measadh go raibh ualach rómhór ag baint leo d'institiúidí áirithe, leasaíodh Treoir 2013/36/AE le Treoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Is gá na leasuithe sin ar Threoir 2013/36/AE i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 650/2014 a léiriú.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 650/2014 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le formáid, struchtúr, liosta ábhar agus dáta foilseacháin bliantúil na faisnéise atá le nochtadh ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 185, 25.6.2014, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/389 ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le formáid, struchtúr, liostaí ábhar agus dáta foilseacháin bliantúil na faisnéise atá le nochtadh ag údaráis inniúla (IO L 79, 9.3.2022, lch. 4).

([4]) Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).

([5]) Treoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil (IO L 150, 7.6.2019, lch. 253)

(4) Tá i dTreoir (AE) 2019/2034 anois na socruithe stuamachta ar leibhéal an Aontais le haghaidh na ngnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus (5) de Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), seachas na socruithe stuamachta dá dtagraítear i dTreoir 2013/36/AE. Dá bhrí sin, sonraítear anois le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/389 an fhaisnéis atá le foilsiú ag údaráis inniúla faoi na gnólachtaí infheistíochta sin. Dá bhrí sin, níor cheart údaráis inniúla a bheith faoi cheangal ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 650/2014 a thuilleadh faisnéis faoi na gnólachtaí infheistíochta sin a fhoilsiú.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 650/2014 a leasú dá réir sin.

(6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).

(7) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 650/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír:

'Tabharfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 143(1), pointe (d), den Treoir sin cothrom le dáta faoin 30 Meitheamh gach bliain. Cumhdófar an bhliain féilire roimhe sin leis an bhfaisnéis sin.

Déanfaidh na húdaráis inniúla, i gcás na n-institiúidí atá faoi réir a maoirseachta stuamachta, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 143(1), pointí (a) go (c), den Treoir sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta, agus in aon chás faoin 30 Meitheamh gach bliain, ach amháin mura bhfuil aon athrú ar an bhfaisnéis is deireanaí a foilsíodh.'.

(2) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(3) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(4) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III;

(5) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([6]) Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014, agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRIBHINN I

Rialacha agus treoraíocht

Liosta teimpléad

Cuid 1 Trasuí Threoir 2013/36/AE

Cuid 2 Formheas na samhla

Cuid 3 Neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe

Cuid 4 Maolú riosca creidmheasa

Cuid 5 Ceanglais shonracha maidir le nochtadh a chuirtear i bhfeidhm ar institiúidí

Cuid 6 Tarscaoiltí chun ceanglais stuamachta a chur i bhfeidhm

Cuid 7 Sealúchais cháilithe in institiúid chreidmheasa

Cuid 8 Tuairisciú rialála agus airgeadais

Cuid 1

Trasuí Threoir 2013/36/AE

	Trasuí fhorálacha Threoir 2013/36/AE	Forálacha Threoir-2013/36/AE	Naisc chuig téacs náisiúnta [1]	Tagairt(í) d'fhorálacha náisiúnta [2]	Ar fáil i mBéarla (Tá/Níl)
010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo**		*(ll/mm/bbbb)*		
020	I. **Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe**	Airteagail 1 go 3			
030	II. **Údaráis inniúla**	Airteagail 4 go 7			
040	III. **Ceanglais maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa**	Airteagail 8 go 27			
050	1. Ceanglais ghinearálta maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa	Airteagail 8 go 21b			
060	2. Sealúchas cáilithe in institiúid chreidmheasa	Airteagail 22 go 27			
080	V. **Forálacha a bhaineann leis an tsaoirse bhunaíochta agus leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar**	Airteagail 33 go 46			
090	1. Prionsabail ghinearálta	Airteagail 33 go 34			
100	2. Ceart bunaíochta na n-institiúidí creidmheasa	Airteagail 35 go 38			
110	3. Feidhmiú na saoirse chun seirbhísí a sholáthar	Airteagal 39			
120	4. Cumhachtaí údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh	Airteagail 40 go 46			
130	VI. **Caidreamh le tríú tíortha**	Airteagail 47 go 48			

140	VII. **Maoirseacht stuamachta**	Airteagail 49 go 142			
150	1. Prionsabail na maoirseachta stuamachta	Airteagail 49 go 72			
160	1.1 Inniúlacht agus dualgais na mBallstát baile agus na mBallstát óstach	Airteagail 49 go 52			
170	1.2 Faisnéis a mhalartú agus rúndacht ghairmiúil	Airteagail 53 go 62			
180	1.3 Dualgais daoine a bhfuil sé de chúram orthu cuntais bhliantúla agus chomhdhlúite a rialú	Airteagal 63			
190	1.4 Cumhachtaí maoirseachta, cumhachtaí pionóis a fhorchur agus ceart chun achomhairc	Airteagail 64 go 72			
200	2. An próiseas athbhreithnithe	Airteagail 73 go 110			
210	2.1 An próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil	Airteagal 73			
220	2.2 Socruithe, próisis agus sásraí institiúidí	Airteagail 74 go 96			
230	2.3 An próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta	Airteagail 97 go 101			
240	2.4 Bearta agus cumhachtaí maoirseachta	Airteagail 102 go 107			
250	2.5 Leibhéal an iarratais	Airteagail 108 go 110			
260	3. Maoirseacht ar bhonn comhdhlúite	Airteagail 111 go 127			
270	3.1 Prionsabail maidir le maoirseacht a dhéanamh ar bhonn comhdhlúite	Airteagail 111 go 118			
280	3.2 Cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus cuideachtaí sealbhaíochta gníomhaíochtaí measctha	Airteagail 119 go 127			
290	4. Maoláin chaipitil	Airteagail 128 go 142			
300	4.1 Maoláin	Airteagail 128 go 134			
310	4.2 Caipiteal maolánach fritimthriallach a shocrú agus a ríomh	Airteagail 135 go 140			
320	4.3 Bearta caomhnaithe caipitil	Airteagail 141 go 142			
330	VIII. **Nochtadh ag na húdaráis inniúla**	Airteagail 143 go 144			
340	IX. **Leasuithe ar Threoir 2002/87/CE**	Airteagal 150			

350	X. **Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha**	Airteagail 151 go 165			
360	1. Forálacha idirthréimhseacha maidir le maoirseacht ar institiúidí a fheidhmíonn an tsaoirse bhunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar	Airteagail 151 go 159			
361	1a. Forálacha idirthréimhseacha maidir le cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha	Airteagal 159a			
370	1. Forálacha idirthréimhseacha maidir le maoláin chaipitil	Airteagal 160			
380	2. Forálacha críochnaitheacha	Airteagail 161 go 165			

([1]) Hipearnasc/hipearnaisc chuig an suíomh gréasáin ar a bhfuil an téacs náisiúnta lena dtrasuitear an fhoráil de chuid an Aontais atá i gceist.
([2]) Tagairtí mionsonraithe don fhoráil náisiúnta, amhail Teideal, Caibidil, alt ábhartha etc.

Cuid 2

Formheas na samhla

010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo**	*(ll/mm/bbbb)*
		Tuairisc ar an gcur chuige
	Cur chuige maoirseachta maidir le húsáid cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha (IRB) a fhormheas chun íoscheanglais chaipitil le haghaidh riosca creidmheasa a ríomh	
020	Doiciméadacht íosta atá le soláthar ag na hinstitiúidí a dhéanfaidh iarratas ar chur chuige IRB a úsáid	*[téacs oscailte]*
030	Tuairisc ar an bpróiseas measúnaithe arna dhéanamh ag an údarás inniúil (úsáid féinmheasúnaithe, spleáchas ar iniúchóirí seachtracha agus ar chigireachtaí ar an láthair) agus ar phríomhchritéir an mheasúnaithe	*[téacs oscailte]*
040	Foirm na gcinntí arna ndéanamh ag an údarás inniúil agus cur in iúl na gcinntí do na hiarratasóirí	*[téacs oscailte]*
	Cur chuige maoirseachta maidir le húsáid chur chuige na samhla inmheánaí (IMA) a fhormheas chun íoscheanglais chaipitil le haghaidh riosca margaidh a ríomh	
050	Doiciméadacht íosta atá le soláthar ag na hinstitiúidí a dhéanfaidh iarratas ar chur chuige IMA a úsáid	*[téacs oscailte]*
060	Tuairisc ar an bpróiseas measúnaithe arna dhéanamh ag an údarás inniúil (úsáid féinmheasúnaithe, spleáchas ar iniúchóirí seachtracha agus ar chigireachtaí ar an láthair) agus ar phríomhchritéir an mheasúnaithe	*[téacs oscailte]*
070	Foirm na gcinntí arna ndéanamh ag an údarás inniúil agus cur in iúl na gcinntí do na hiarratasóirí	*[téacs oscailte]*
	Cur chuige maoirseachta maidir le húsáid mhodh na samhla inmheánaí (IMM) a fhormheas chun íoscheanglais chaipitil le haghaidh riosca contrapháirtí a ríomh	
080	Doiciméadacht íosta atá le soláthar ag na hinstitiúidí a dhéanfaidh iarratas ar chur chuige IMM a úsáid	*[téacs oscailte]*
090	Tuairisc ar an bpróiseas measúnaithe arna dhéanamh ag an údarás inniúil (úsáid féinmheasúnaithe, spleáchas ar iniúchóirí seachtracha agus ar chigireachtaí ar an láthair) agus ar phríomhchritéir an mheasúnaithe	*[téacs oscailte]*

100	Foirm na gcinntí arna ndéanamh ag an údarás inniúil agus cur in iúl na gcinntí do na hiarratasóirí	*[téacs oscailte]*
	Cur chuige maoirseachta maidir le húsáid Ardchur Chuige An Tomhais (AMA) a fhormheas chun íoscheanglais chaipitil le haghaidh riosca oibríochtúil a ríomh	
110	Doiciméadacht íosta atá le soláthar ag na hinstitiúidí a dhéanfaidh iarratas ar chur chuige AMA a úsáid	*[téacs oscailte]*
120	Tuairisc ar an bpróiseas measúnaithe arna dhéanamh ag an údarás inniúil (úsáid féinmheasúnaithe, spleáchas ar iniúchóirí seachtracha agus ar chigireachtaí ar an láthair) agus ar phríomhchritéir an mheasúnaithe	*[téacs oscailte]*
130	Foirm na gcinntí arna ndéanamh ag an údarás inniúil agus cur in iúl na gcinntí do na hiarratasóirí	*[téacs oscailte]*

Cuid 3

Neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe

	Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	**Forálacha**	**Faisnéis atá le soláthar ag an údarás inniúil**
010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar an bhfaisnéis sa teimpléad seo**		*(ll/mm/bbbb)*
020	**Airteagal 153(5)**	Ar fhoilsigh an t-údarás inniúil treoraíocht chun a shonrú conas ba cheart d'institiúidí na fachtóirí dá dtagraítear i mír 5 d'Airteagal 153 a chur san áireamh agus ualaí riosca á sannadh do neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe?	*[D'fhoilsigh/Níor fhoilsigh]*
030		Má d'fhoilsigh, soláthair an tagairt don treoraíocht náisiúnta	*(tagairt don téacs náisiúnta)*
040		An bhfuil an treoraíocht náisiúnta ar fáil i mBéarla?	*[Tá/Níl]*

Cuid 4

Maolú riosca creidmheasa

	Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Forálacha	Tuairisc	Faisnéis atá le soláthar ag an údarás inniúil	
010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar an bhfaisnéis sa teimpléad seo**				*(ll/mm/bbbb)*
020	**Airteagal 201(2)**	Foilsiú liosta na n-institiúidí airgeadais ar soláthraithe incháilithe cosanta neamhchistithe creidmheasa iad nó treoirchritéir chun na hinstitiúidí airgeadais sin a shainaithint	Déanfaidh na húdaráis inniúla liosta de na hinstitiúidí airgeadais ar soláthraithe incháilithe cosanta neamhchistithe creidmheasa iad faoi phointe (f) d'Airteagal 201(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó na treoirchritéir chun soláthraithe incháilithe den sórt sin a shainaithint, a fhoilsiú agus a choinneáil ar bun.	Liosta de na hinstitiúidí airgeadais nó treoirchritéir chun iad a shainaithint	[téacs oscailte — is féidir hipearnasc chuig an liosta sin nó chuig treoirchritéir ar shuíomh gréasáin an údaráis inniúil a sholáthar]
030		Tuairisc ar na ceanglais stuamachta is infheidhme	Foilseoidh na húdaráis inniúla tuairisc ar na ceanglais stuamachta is infheidhme mar aon le liosta de na hinstitiúidí airgeadais incháilithe nó na treoirchritéir chun na hinstitiúidí airgeadais sin a shainaithint	Tuairisc ar na ceanglais stuamachta arna gcur i bhfeidhm ag an údarás inniúil	*[téacs oscailte]*
040	**Airteagal 227(2), pointe (e)**	Coinníoll maidir le coigeartú luaineachta 0 % a chur i bhfeidhm	Faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais, féadfaidh institiúidí coigeartú luaineachta 0 % a chur i bhfeidhm ar choinníoll go socraítear an t-idirbheart i gcóras socraíochta atá cruthaithe maidir leis an gcineál sin idirbhirt	Tuairisc mhionsonraithe ar an gcaoi a measann an t-údarás inniúil gur córas cruthaithe é an córas socraíochta	*[téacs oscailte]*
050	**Airteagal 227(2), pointe (f)**	Coinníoll maidir le coigeartú luaineachta 0 % a chur i bhfeidhm	Faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais, féadfaidh institiúidí coigeartú luaineachta 0 % a chur i bhfeidhm ar choinníoll gur doiciméadacht mhargaidh chaighdeánach í an doiciméadacht lena gcumhdaítear an comhaontú nó an t-idirbheart le haghaidh idirbhearta athcheannaigh nó idirbheart maidir le hurrúis a iasachtú nó a fháil ar iasacht sna hurrúis lena mbaineann	Sonraíocht na doiciméadachta atá le meas mar dhoiciméadacht mhargaidh chaighdeánach	*[téacs oscailte]*
060	**Airteagal 229(1)**	Prionsabail luachála do chomhthaobhacht maoine dochorraithe faoin gCur Chuige IRB	Féadfaidh luachálaí neamhspleách an mhaoin dhochorraithe a luacháil ag an luach iasachta morgáiste nó ag luach níos lú ná an luach iasachta morgáiste sna Ballstáit a bhfuil critéir dhiana leagtha síos acu i bhforálacha reachtúla nó rialála chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste sin	Critéir atá leagtha amach sa reachtaíocht náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste	*[téacs oscailte]*

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/796/oj

Cuid 5

Ceanglais shonracha maidir le nochtadh a chuirtear i bhfeidhm ar institiúidí

	Treoir 2013/36/AE	Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Foráil	Faisnéis atá le soláthar ag an údarás inniúil	
010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo**				*(ll/mm/bbbb)*
020	**Airteagal 106(1), pointe (a)**		Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i gCuid a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a fhoilsiú níos mó ná uair amháin in aghaidh na bliana, agus sprioc-amanna a shocrú maidir le foilsiú	Minicíocht agus sprioc-amanna maidir le foilsiú is infheidhme maidir le hinstitiúidí	*[téacs oscailte]*
030	**Airteagal 106(1), pointe (b)**		Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar institiúidí meáin shonracha agus láithreacha sonracha a úsáid le haghaidh foilseachán seachas na ráitis airgeadais	Cineálacha meán sonrach atá le húsáid ag na hinstitiúidí	*[téacs oscailte]*

Cuid 6

Tarscaoiltí chun ceanglais stuamachta a chur i bhfeidhm

	Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Forálacha	Tuairisc	Faisnéis atá le soláthar ag an údarás inniúil	
010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar an bhfaisnéis sa teimpléad seo**				*(ll/mm/bbbb)*
020	**Airteagal 7(1) agus (2) (Tarscaoiltí aonair le haghaidh fochuideachtaí)**	Tarscaoileadh chur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta, ar bhonn aonair, a leagtar amach i gCodanna a Dó, a Trí, a Ceathair, a Seacht, a Seacht A agus a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402	Féadfar an tarscaoileadh a dheonú d'aon fhochuideachta de chuid institiúide, i gcás ina bhfuil an fhochuideachta agus an institiúid araon faoi réir údaraithe agus maoirseachta ag an mBallstát lena mbaineann, agus i gcás ina n-áirítear an fhochuideachta sa mhaoirseacht ar bhonn comhdhlúite ar an institiúid arb í an mháthairghnóthas í, agus i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile i litreacha (a) go (d) d'Airteagal 7(1).	Critéir atá le cur i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun a mheas go gcomhlíontar na coinníollacha i litreacha (a) go (d) d'Airteagal 7(1).	*[téacs oscailte]*

030	**Airteagal 7(3) (Tarscaoiltí aonair le haghaidh máthairinstitiúidí)**	Tarscaoileadh chur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta, ar bhonn aonair, a leagtar amach i gCodanna a Dó, a Trí, a Ceathair, a Seacht, a Seacht A agus a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402	Féadfar an tarscaoileadh a dheonú do mháthairinstitiúid i mBallstát i gcás ina bhfuil an institiúid sin faoi réir údarú agus mhaoirseacht an Bhallstáit lena mbaineann, agus go n-áirítear í sa mhaoirseacht ar bhonn comhdhlúite, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 7(3).	Critéir atá le cur i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun a mheas nach bhfuil aon bhac ar aistriú pras cistí dílse nó ar dhliteanais a aisíoc go pras agus go bhfuil na nósanna imeachta maidir le riosca a mheas, a thomhas agus a rialú atá ábhartha maidir le maoirseacht comhdhlúthaithe lena gcumhdaítear an mháthairinstitiúid i mBallstát.	*[téacs oscailte]*
040	**Airteagail 8(1) agus (2) (Tarscaoiltí leachtachta le haghaidh fochuideachtaí)**	Cur i bhfeidhm na gceanglas leachtachta a leagtar amach i gCuid a Sé de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a tharscaoileadh ar bhonn aonair i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile atá i litreacha (a) go (d) d'Airteagal 8(1)	Féadfar an tarscaoileadh a dheonú d'institiúidí laistigh d'fhoghrúpa ar choinníoll go gcomhlíonann na hinstitiúidí sin na coinníollacha a leagtar síos i litreacha (a) go (d) d'Airteagal 8(1). Ina measc siúd, an ceanglas go bhfuil conarthaí déanta acu ina ndéantar foráil, chun sástacht na n-údarás inniúil, maidir le saorghluaiseacht cistí eatarthu chun é a chur ar a gcumas dóibh a n-oibleagáidí aonair agus comhpháirteacha a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite de bhun phointe (c) d'Airteagal 8(1).	Critéir atá le cur i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun a mheas an gcomhlíontar na coinníollacha i litreacha (a) go (d) d'Airteagal 8(1).	*[téacs oscailte]*
	Airteagal 8(3) (Tarscaoiltí leachtachta trasteorann)	Tarscaoileadh ar chur i bhfeidhm na gceanglas leachtachta a leagtar amach i gCuid a Sé de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcás ina mbeidh institiúidí an fhoghrúpa leachtachta aonair údaraithe i roinnt Ballstát.	Féadfar an tarscaoileadh a dheonú do na hinstitiúidí laistigh den fhoghrúpa aonair a gcomhaontaíonn a n-údaráis inniúla ar na heilimintí a leagtar amach i litreacha (a) go (f) d'Airteagal 8(3) agus tar éis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 21 a leanúint.	Critéir atá le cur i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun a mheas an gcomhlíontar na heilimintí a leagtar amach i litreacha (a) go (d) d'Airteagal 8(3).	*[téacs oscailte]*

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/796/oj

050	**Airteagal 9(1) (Modh comhdhlúthaithe aonair)**	Cead a thugtar do mháthairinstitiúidí fochuideachtaí a ionchorprú i ríomh a gceanglas stuamachta a leagtar amach i gCodanna a Dó, a Trí, a Ceathair, a Seacht, a Seacht A agus a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402	Ní thugtar an cead ach amháin i gcás ina léiríonn an mháthairinstitiúid go hiomlán do na húdaráis inniúla nach ann d'aon bhac praiticiúil ná dlíthiúil ábhartha reatha, ná nach bhfuil coinne le bac den sórt sin, ar aistriú pras cistí dílse, ná ar dhliteanais a aisíoc nuair atá siad dlite ón bhfochuideachta atá ionchorpraithe i ríomh na gceanglas lena máthairinstitiúid de bhun Airteagal 9(2).	Critéir atá le cur i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun a mheas nach bhfuil aon bhac ar aistriú pras cistí dílse nó ar dhliteanais a aisíoc	*[téacs oscailte]*
060	**Airteagal 10 (Institiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach)**	Díolúine ó chur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta, ar bhonn aonair, a leagtar amach i gCodanna a Dó go dtí a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus de Chaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402	Féadfaidh na Ballstáit an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana maidir le cur i bhfeidhm an tarscaoilte a choimeád ar bun agus leas a bhaint aisti fad nach mbeidh sé ag teacht salach ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó ar Threoir 2013/36/AE	An dlí/rialachán náisiúnta is infheidhme maidir leis an tarscaoileadh a chur i bhfeidhm	*(tagairt don téacs náisiúnta)*

Cuid 7

Sealúchais cháilithe in institiúid chreidmheasa

	Treoir 2013/36/AE	**Critéir mheasúnaithe agus faisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an fhaighteora bheartaithe atá ag iarraidh institiúid creidmheasa a fháil agus ar fhóntacht airgeadais na héadála beartaithe**	**Faisnéis atá le soláthar ag an údarás inniúil**	
010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo**			*(ll/mm/bbbb)*
020	**Airteagal 23(1), pointe (a)**	Clú an fhaighteora bheartaithe	Tuairisc ar an gcaoi a ndéanann an t-údarás inniúil measúnú ar shláine an fhaighteora bheartaithe	*[téacs oscailte]*
030			Tuairisc ar an gcaoi a ndéanann an t-údarás inniúil measúnú ar inniúlacht ghairmiúil an fhaighteora bheartaithe	*[téacs oscailte]*
040			Mionsonraí praiticiúla maidir leis an bpróiseas comhair idir údaráis inniúla de bhun Airteagal 24 de Threoir 2013/36/AE	*[téacs oscailte]*

050	**Airteagal 23(1), pointe (b)**	Clú, eolas, scileanna agus taithí aon chomhalta den chomhlacht bainistíochta a stiúrfaidh gnó na hinstitiúide creidmheasa	Tuairisc ar an gcaoi a ndéanann an t-údarás inniúil measúnú ar chlú, eolas, scileanna agus taithí chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta	*[téacs oscailte]*
060	**Airteagal 23(1), pointe (c)**	Fóntacht airgeadais an fhaighteora bheartaithe	Tuairisc ar an gcaoi a ndéanann an t-údarás inniúil measúnú ar fhóntacht airgeadais an fhaighteora bheartaithe	*[téacs oscailte]*
070			Mionsonraí praiticiúla maidir leis an bpróiseas comhair idir údaráis inniúla de bhun Airteagal 24 de Threoir 2013/36/AE	*[téacs oscailte]*
080	**Airteagal 23(1), pointe (d)**	Comhlíontacht na hinstitiúide creidmheasa leis na ceanglais stuamachta	Tuairisc ar an gcaoi a ndéanann an t-údarás inniúil measúnú ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh an institiúid creidmheasa in ann na ceanglais stuamachta a chomhlíonadh	*[téacs oscailte]*
090	**Airteagal 23(1), pointe (e)**	Amhras a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta.	Tuairisc ar an gcaoi a ndéanann an t-údarás inniúil measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ann	*[téacs oscailte]*
100			Mionsonraí praiticiúla maidir leis an bpróiseas comhair idir údaráis inniúla de bhun Airteagal 24 de Threoir 2013/36/AE	*[téacs oscailte]*
110	**Airteagal 23(4)**	Liosta ina sonraítear an fhaisnéis atá le cur ar fáil do na húdaráis inniúla tráth an fhógra	Liosta faisnéise nach mór don fhaighteoir beartaithe a sholáthar tráth an fhógra chun go mbeidh an t-údarás inniúil in ann an measúnú a dhéanamh ar an bhfaighteoir beartaithe agus ar an éadáil bheartaithe	*[téacs oscailte]*

Cuid 8

Tuairisciú rialála agus airgeadais

010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo**	*(ll/mm/bbbb)*
020	**Cur chun feidhme an tuairiscithe ar fhaisnéis airgeadais i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/451 ón gCoimisiún**	
030	An leathnaítear cur i bhfeidhm an cheanglais a leagtar amach in Airteagal 430(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun institiúidí a chumhdach nach gcuireann caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta i bhfeidhm de réir mar is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002?	*[Leathnaítear/Ní leathnaítear]]*
040	*Más amhlaidh go leathnaítear, cé na creata cuntasaíochta is infheidhme*	*[téacs oscailte]*
050	*Más amhlaidh go leathnaítear, cad é leibhéal chur i bhfeidhm an tuairiscithe? (bonn aonair/ comhdhlúite/fo-chomhdhlúite)*	*[téacs oscailte]*
060	An leathnaítear cur i bhfeidhm an vheanglais a leagtar amach in Airteagal 430(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun eintitis airgeadais a chumhdach seachas institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta?	*[Leathnaítear/Ní leathnaítear]*
070	*Más amhlaidh go leathnaítear, cad iad na cineálacha eintiteas airgeadais (e.g. gnólachtaí airgeadais) atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe sin?*	*[téacs oscailte]*
080	*Más amhlaidh go leathnaítear, cad é méid na n-eintiteas airgeadais sin i dtéarmaí an chláir chomhardaithe iomláin (ar bhonn aonair)?*	*[téacs oscailte]*
090	An úsáidtear caighdeáin XBRL chun an tuairisciú a chur faoi bhraid an údaráis inniúil?	*[Úsáidtear/Ní úsáidtear]*
100	**Cur chun feidhme an tuairiscithe ar chistí dílse agus ar cheanglais cistí dílse i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/451 ón gCoimisiún**	
110	An leathnaítear cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 430(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun eintitis airgeadais a chumhdach seachas institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta?	*[Leathnaítear/Ní leathnaítear]*
120	*Más amhlaidh go leathnaítear, cad iad na creataí cuntasaíochta a bhaineann leis na heintitis airgeadais sin?*	*[téacs oscailte]*
130	*Más amhlaidh go leathnaítear, cad iad na cineálacha eintiteas airgeadais (e.g. gnólachtaí airgeadais) atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe sin?*	*[téacs oscailte]*
140	*Más amhlaidh go leathnaítear, cad é méid na n-eintiteas airgeadais sin i dtéarmaí an chláir chomhardaithe iomláin (ar bhonn aonair)?*	*[téacs oscailte]*
150	An úsáidtear caighdeáin XBRL chun an tuairisciú a chur isteach chuig an údarás inniúil?	*[Úsáidtear/Ní úsáidtear]*

IARSCRÍBHINN II

Roghanna agus discréidí

Liosta teimpléad

Cuid 1 Roghanna agus discréidí a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE, i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht

Cuid 2 Roghanna idirthréimhseacha agus discréidí a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Cuid 3 Eilimintí inathraithe den luach saothair (Airteagal 94 de Threoir 2013/36/AE)

Cuid 1

Roghanna agus discréidí a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE, i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht

	Treoir-2013/36/AE	**Rialachán (AE) Uimh.-524/2013**	**Rialachán Tarm-ligthe (AE)-2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht.**	**Seolaí**	**Ainmníocht**	**Tuairisc ar an rogha nó ar an discréid**	**Feidh-mithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar)** [1]	**Téacs náisiúnta** [2]	**Tagairt(í)** [3]	**Ar fáil in EN (Tá/Níl)**	**Mionsonraí / Tuairimí**
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo							*(ll/mm/bbbb)*			
020	Airteagal9(2)			Na Ballstáit	Eisceacht ón toirmeasc ar dhaoine nó ar ghnóthais seachas institiúidí creidmheasa taiscí nó cistí inaisíoctha eile a ghlacadh ón bpobal	An toirmeasc ar dhaoine nó ar ghnóthais seachas institiúidí creidmheasa taiscí nó cistí inaisíoctha eile a ghlacadh ón bpobal, ní bheidh feidhm aige maidir le Ballstát, le húdaráis réigiúnacha nó áitiúla Ballstáit, le comhlachtaí idirnáisiúnta poiblí a bhfuil Ballstát amháin nó níos mó ina gcomhaltaí díobh, ná le cásanna atá cumhdaithe go sainráite faoi dhlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais, ar choinníoll go bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi réir rialachán agus rialuithe atá ceaptha chun taisceoirí agus infheisteoirí a chosaint.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
030	Airtea-gal 12(3)			Na Ballstáit	Caipiteal tosaigh	Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhféadfaidh institiúidí creidmheasa nach gcomhlíonann na ceanglais cistí dílse ar leithligh a shealbhú agus a bhí ann an 15 Nollaig 1979, leanúint dá ngnó a chur i gcrích.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

	Treoir-2013/36/AE	Rialachán (AE) Uimh.-524/2013	Rialachán Tarm-ligthe (AE)-2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht.	Seolaí	Ainmníocht	Tuairisc ar an rogha nó ar an discréid	Feidh-mithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar) ([1])	Téacs náisiúnta ([2])	Tagairt(í) ([3])	Ar fáil in EN (Tá/Níl)	Mionsonraí / Tuairimí
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo							*(ll/mm/bbbb)*			
040	Airtea-gal 12(3)			Na Ballstáit	Caipiteal tosaigh	Institiúidí creidmheasa a bhfuil cinneadh déanta ag na Ballstáit ina leith gur féidir leo leanúint dá ngnó de réir Airteagal 12(3) de Threoir 2013/36/AE, féadfaidh na Ballstáit iad a dhíolmhú ó na ceanglais atá sa chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
050	Airtea-gal 12(4)			Na Ballstáit	Caipiteal tosaigh	Féadfaidh na Ballstáit údarú a dheonú do chatagóirí ar leith d'institiúidí creidmheasa ar lú a gcaipiteal tosaigh ná an EUR 5 mhilliún sin, ar choinníoll nach lú ná EUR 1 mhilliún an caipiteal tosaigh agus go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún agus do ÚBE maidir leis na cúiseanna atá aige leis an rogha sin a fheidhmiú.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
060	Airtea-gal 21(1)			Údaráis inniúla	Díolúintí maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach	Féadfaidh údaráis inniúla na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 10, 12 agus 13(1) de Threoir 2013/36/AE a dhíolmhú maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
090	Airteagal 40			Údaráis inniúla	Ceanglais tuairiscithe d'údaráis inniúla óstacha	Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát óstach, chun críoch faisnéise, staidrimh nó maoirseachta, a cheangal ar gach institiúid creidmheasa a bhfuil brainsí acu laistigh dá gcríocha tuairisc a thabhairt dóibh go tréimhsiúil maidir lena ngníomhaíochtaí sna Ballstáit óstacha sin, go háirithe chun a mheas an bhfuil brainse suntasach i gcomhréir le hAirteagal 51(1) de Threoir 2013/36/AE.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

	Treoir-2013/36/AE	Rialachán (AE) Uimh.-524/2013	Rialachán Tarm-ligthe (AE)-2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht.	Seolaí	Ainmníocht	Tuairisc ar an rogha nó ar an discréid	Feidh-mithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar) ([1])	Téacs náisiúnta ([2])	Tagairt(í) ([3])	Ar fáil in EN (Tá/Níl)	Mionsonraí / Tuairimí
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo							*(ll/mm/bbbb)*			
121	Airtea-gal 133(1)			Na Ballstáit	Ceanglas maidir le maolán um riosca sistéamach a chothabháil	Féadfaidh na Ballstáit maolán um riosca sistéamach de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a thabhairt isteach don earnáil airgeadais nó d'fhothacar amháin nó níos mó den earnáil sin maidir le gach neamhchosaint nó le fothacar neamhchosaintí.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
130	Airtea-gal 134(1)			Na Ballstáit	Aitheantas a thabhairt do ráta maoláin um riosca sistéamach	Féadfaidh Ballstáit eile aitheantas a thabhairt do ráta an mhaoláin um riosca sistéamach arna shocrú i gcomhréir le hAirteagal 133 agus féadfaidh siad an ráta sin a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí atá údaraithe ar bhonn intíre i dtaca leis na neamhchosaintí atá lonnaithe sa Bhallstát ina socraítear an ráta sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
140	Airteagal152 an chéad mhír			Na Ballstáit	Ceanglais tuairiscithe d'údaráis inniúla óstacha	Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát óstach, chun críoch staidrimh, a cheangal ar gach institiúid creidmheasa a bhfuil brainsí acu laistigh dá gcríocha tuairisc a thabhairt dóibh go tréimhsiúil maidir lena ngníomhaíochtaí sna Ballstáit óstacha sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
150	Airteagal152 an dara mír			Na Ballstáit	Ceanglais tuairiscithe d'údaráis inniúla óstacha	Féadfaidh na Ballstáit óstacha a cheangal go soláthróidh brainsí d'institiúidí creidmheasa ó Bhallstáit eile an fhaisnéis chéanna a éilíonn siad ar institiúidí creidmheasa náisiúnta chun na críche sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
155	Airtea-gal 131(5)			Údaráis inniúla	Maoláin	Féadfaidh an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe a cheangal ar gach O-SII, ar bhonn comhdhlúite, ar bhonn fo-chomhdhlúite nó ar bhonn aonair, de réir mar is infheidhme, maolán O-SII suas le 3 % a choimeád de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus na critéir maidir le sainaithint O-SII á gcur san áireamh. Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a bheidh sa mhaolán sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

	Treoir-2013/36/AE	Rialachán (AE) Uimh.-524/2013	Rialachán Tarm-ligthe (AE)-2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht.	Seolaí	Ainmníocht	Tuairisc ar an rogha nó ar an discréid	Feidh-mithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar) ([1])	Téacs náisiúnta ([2])	Tagairt(í) ([3])	Ar fáil in EN (Tá/Níl)	Mionsonraí / Tuairimí
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo							*(ll/mm/bbbb)*			
156	Airtea-gal 160(6)			Údaráis inniúla	Forálacha idirthréimhseacha maidir le caipiteal maolánach	Féadfaidh na Ballstáit idirthréimhse is giorra ná an idirthréimhse a shonraítear i míreanna 1 go 4 d'Airteagal 160 a fhorchur maidir le caipiteal maolánach. Féadfaidh Ballstáit eile idirthréimhse níos giorra den sórt sin a aithint.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
165		Airtea-gal 4(1)(145) pointe (b)		Na Ballstáit	Aicmiú institiúidí beaga agus neamhchasta	Féadfaidh na Ballstáit an tairseach EUR 5 bhilliún a ísliú i ndáil leis an meán thar an tréimhse ceithre bliana a thagann go díreach roimh an mbliain reatha bhliantúil tréimhse tuairiscithe ar luach iomlán shócmhainní na hinstitiúide ar bhonn aonair nó, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2013/36/AE.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
170		Airteagal 4(2)		Na Ballstáit nó na hÚdaráis Inniúla	Sealúchais indíreacha réadmhaoine a láimhseáil	Féadfaidh na Ballstáit nó a n-údaráis inniúla a cheadú go láimhseálfar scaireanna atá ina sealúchas indíreach coibhéiseach réadmhaoine mar shealúchas díreach réadmhaoine ar choinníoll go rialófar sealúchas indíreach den sórt sin go sonrach i ndlí náisiúnta an Bhallstáit agus nuair a chuirfear i ngeall mar chomhthaobhacht é go soláthrófar leis cosaint choibhéiseach do chreidiúnaithe.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
190		Airtea-gal 24(2)		Údaráis inniúla	Tuairisciú agus úsáid éigeantach IFRS	Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar institiúidí luacháil na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a chur i gcrích agus cistí dílse a chinneadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta de réir mar is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002).	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

	Treoir-2013/36/AE	Rialachán (AE) Uimh.-524/2013	Rialachán Tarm-ligthe (AE)-2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht.	Seolaí	Ainmníocht	Tuairisc ar an rogha nó ar an discréid	Feidh-mithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar) [1]	Téacs náisiúnta [2]	Tagairt(í) [3]	Ar fáil in EN (Tá/Níl)	Mionsonraí / Tuairimí
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo							*(ll/mm/bbbb)*			
200		Airtea-gal 89(3)		Údaráis inniúla	Ualú riosca agus toirmeasc ar shealúchais cháilitheacha lasmuigh den earnáil airgeadais	Cuireann údaráis inniúla na ceanglais seo a leanas i bhfeidhm maidir le sealúchais cháilitheacha institiúidí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2: chun an ceanglas caipitil a ríomh i gcomhréir le Cuid a Trí den Rialachán seo, cuirfidh institiúidí ualú riosca 1 250 % leis an gceann is mó de na cinn a leanas: (i) méid na sealúchas cáilitheach dá dtagraítear i mír 1 atá os cionn 15 % den chaipiteal incháilithe; (ii) méid iomlán na sealúchas cáilitheach dá dtagraítear i mír 2 atá os cionn 60 % de chaipiteal incháilithe na hinstitiúide;	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
201		Airtea-gal 89(3)		Údaráis inniúla	Ualú riosca agus toirmeasc ar shealúchais cháilitheacha lasmuigh den earnáil airgeadais	Cuireann údaráis inniúla na ceanglais seo a leanas i bhfeidhm maidir le sealúchais cháilitheacha institiúidí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2: cuirfidh na húdaráis inniúla toirmeasc ar institiúidí sealúchais cháilitheacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a bheith acu nuair is mó é a méid ná na céatadáin de chaipiteal incháilithe atá leagtha amach sna míreanna sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
220		Airtea-gal 430(4)		Údaráis inniúla	Tuairisciú ar cheanglais cistí dílse agus ar fhaisnéis airgeadais	Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar institiúidí creidmheasa, a dhéanann na cistí dílse atá acu a chinneadh ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta de bhun Airteagal 24(2), faisnéis airgeadais a thuairisciú i gcomhréir leis an Airteagal seo.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/796/oj

	Treoir-2013/36/AE	Rialachán (AE) Uimh.-524/2013	Rialachán Tarm-ligthe (AE)-2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht.	Seolaí	Ainmníocht	Tuairisc ar an rogha nó ar an discréid	Feidh-mithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar) ([1])	Téacs náisiúnta ([2])	Tagairt(í) ([3])	Ar fáil in EN (Tá/Níl)	Mionsonraí / Tuairimí
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo							*(ll/mm/bbbb)*			
230		Airtea-gal 124(2)		Údaráis Inniúla nó Ainmnithe	Ualuithe riosca agus critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí arna n-urrú le morgáistí ar réadmhaoin	Féadfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 1a den Airteagal seo na hualuithe riosca is infheidhme maidir leis na neamhchosaintí sin a mhéadú laistigh de na raonta a chinntear sa cheathrú fomhír den mhír seo nó féadfaidh sé critéir níos déine ná iad siúd atá leagtha amach in Airteagail 125(2) nó 126(2) a fhorchur.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
240		Airtea-gal 129(1)		Údaráis inniúla	Neamhchosaintí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach	Féadfaidh na húdaráis inniúla, tar éis dul i gcomhairle le ÚBE, cur i bhfeidhm pointe (c) den chéad fhomhír a tharscaoileadh i bpáirt agus céim 2 den cháilíocht chreidmheasa a cheadú suas go dtí 10 % den neamhchosaint iomlán ar mhéid ainmniúil na mbannaí faoi chumhdach gan íoc atá ag an institiúid eisiúna, ar choinníoll gur féidir fadhbanna móra comhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith ann sna Ballstáit lena mbaineann a dhoiciméadú mar gheall ar chur i bhfeidhm an cheanglais faoi chéim cáilíochta creidmheasa 1 dá dtagraítear sa phointe sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
241		Airtea-gal 129(1a), pointe (c)		Údaráis inniúla	neamhchosaintí ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim cáilíochta creidmheasa 3 i bhfoirm conarthaí díorthach	Féadfaidh na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 18(2) de Threoir (AE) 2019/2162, tar éis dóibh dul i gcomhairle le ÚBE, neamhchosaintí a cheadú ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim cáilíochta creidmheasa 3 i bhfoirm conarthaí díorthacha, ar choinníoll gur féidir doiciméadú a dhéanamh ar fhadhbanna móra comhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith ann sna Ballstáit lena mbaineann mar gheall ar chur i bhfeidhm na gceanglas faoi chéimeanna cáilíochta creidmheasa 1 agus 2 dá dtagraítear sa mhír seo.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
242		Airtea-gal 129(3a)		Na Ballstáit	Íosleibhéal rósholáthair urrúis chomhthaobhaigh le haghaidh bannaí faoi chumhdach	Féadfaidh na Ballstáit íosleibhéal rósholáthair urrúis chomhthaobhaigh níos ísle ná 5 % a shocrú le haghaidh bannaí faoi chumhdach nó údarú a thabhairt dá n-údaráis inniúla leibhéal den sórt sin a shocrú, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i bpointí (a) agus (b) den fhomhír seo.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

	Treoir-2013/36/AE	Rialachán (AE) Uimh.-524/2013	Rialachán Tarm-ligthe (AE)-2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht.	Seolaí	Ainmníocht	Tuairisc ar an rogha nó ar an discréid	Feidh-mithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar) ([1])	Téacs náisiúnta ([2])	Tagairt(í) ([3])	Ar fáil in EN (Tá/Níl)	Mionsonraí / Tuairimí
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo							*(ll/mm/bbbb)*			
250		Airtea-gal 164(6)		Údaráis inniúla	Luachanna íosta meánchaillteanas i gcás mainneachtana ualaithe ó thaobh na neamhchosanta (LGD) i gcás neamhchosaintí arna n-urrú le maoin réadach	Ar bhonn na faisnéise a bailíodh faoi Airteagal 430a agus aon táscaire ábhartha eile, agus forbairtí réamhbhreathnaitheacha sna margaí réadmhaoine á gcur san áireamh, déanfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo a mheas go tréimhsiúil nó, ar a laghad uair sa bhliain, an bhfuil na luachanna íosta LGD dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo iomchuí do neamhchosaintí atá urraithe le morgáistí ar réadmhaoin chónaithe nó ar mhaoin dhochorraithe tráchtála atá suite i gcuid amháin nó níos mó de chríoch Bhallstát an údaráis ábhartha. I gcás ina mbeidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 5 den tuairim, ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, nach leordhóthanach na luachanna íosta LGD dá dtagraítear i mír 4, agus ina measfaidh sé go bhféadfadh neamhleordhóthanacht na luachanna LGD difear díobhálach a dhéanamh do chobhsaíocht airgeadais faoi láthair nó amach anseo ina Bhallstát, féadfaidh sé luachanna íosta LGD níos airde a shocrú i dtaca leis na neamhchosaintí sin atá lonnaithe i gcuid amháin nó níos mó de chríoch Bhallstát an údaráis ábhartha. Féadfar na íosluachanna níos airde sin a chur i bhfeidhm freisin ar leibhéal ceann amháin nó níos mó de na deighleoga maoine de na neamhchosaintí sin. Tabharfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 5 fógra do ÚBE agus do BERS roimh an gcinneadh dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh. Laistigh de mhí amháin tar éis anfógra réamhluaite a fháil, cuirfidh BERS agus ÚBE a dtuairimí in iúl don Bhallstát lena mbaineann. Foilseoidh ÚBE agus BERS na luachanna LGD sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

	Treoir-2013/36/AE	Rialachán (AE) Uimh.-524/2013	Rialachán Tarm-ligthe (AE)-2015/61 maidir leis an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht.	Seolaí	Ainmníocht	Tuairisc ar an rogha nó ar an discréid	Feidh-mithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar) ([1])	Téacs náisiúnta ([2])	Tagairt(í) ([3])	Ar fáil in EN (Tá/Níl)	Mionsonraí / Tuairimí
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo							*(ll/mm/bbbb)*			
260		Airtea-gal 178(1), pointe (b)		Údaráis inniúla	Mainneachtain oibleagáideora	Féadfaidh údaráis inniúla 180 lá a chur in ionad na 90 lá i gcás neamhchosaintí arna n-urrú le réadmhaoin chónaithe nó le maoin dhochorraithe tráchtála de chuid FBM atá in aicme na neamhchosanta ar mhiondíol, agus i gcás neamhchosaintí ar eintitis earnála poiblí.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
261		Airtea-gal 178(2), pointe (d)		Údaráis inniúla	Tairseach ábharthachta	Saineoidh na húdaráis inniúla an tairseach chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht oibleagáide creidmheasa atá imithe thar téarma. Cuirfear i gcuntas sa tairseach seo an leibhéal riosca is dóigh leis an údarás inniúil a bheith réasúnta.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
270		Airtea-gal 284(4)		Údaráis inniúla	Luach neamhchosanta	Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal go mbeidh α níos airde ná 1.4 ann nó cead a thabhairt d'institiúidí a meastacháin féin a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 284(9)	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
280		Airtea-gal 284(9)		Údaráis inniúla	Luach neamhchosanta	Féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí a meastacháin féin ar alfa a úsáid	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
290		Airtea-gal 327(2)		Údaráis inniúla	Glanluacháil idir suíomh in-chomhshóite agus suíomh frithárimh san ionstraim fholuiteach	Féadfaidh na húdaráis inniúla cur chuige a ghlacadh faoina gcuirtear san áireamh an dóchúlacht go gcomhshófaí suíomh in-chomhshóite faoi leith nó féadfaidh údaráis inniúla ceanglas cistí dílse a cheangal chun aon chaillteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chumhdach.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
